

Niamh Ní Chríomhthain Uí Laoithe, duine de na Blascaodaigh dheireanacha, ar shlí na fírinne

Dála a lán de mhná an Bhlascaoid Mhóir bhí Niamh Ní Chríomhthain Uí Laoithe tréan i meon agus i bpearsa

Mícheál de Mórdha

Dé Máirt, Aibreán 16 2019 ag 5:25 am

Is féidir a rá go raibh an Blascaod Mór agus ar bhain leis go smúsach i Niamh Ní Chríomhthain Uí Laoithe, a d'éag an deireadh seachtaine seo caite agus í blianta beaga in éineacht leis na ceithre fichid.

Dála a lán de mhná an Bhlascaoid Mhóir do bhí sí tréan i meon agus i bpearsan. Bean mhacánta mhuinteartha ba ea í leis agus bhí a ceann agus a háitreabh i mBaile an Lochaigh lán go barra le heolas mar gheall ar an mball ab ansa léi ar domhan – An tOileán Tiar agus a phobal.



Bhí sí ar dhuine de na daoine ba ghníomhaí maidir le scéal an Bhlascaoid a chur os comhair an tsaoil mhóir agus ball dílis d'Fhondúireacht an Bhlascaoid ba ea í ó bunaíodh an t-eagras sin sna hochtóidí den gcéad seo d'imigh tharainn.

Thaispeáin pobal an Bhlascaoid ar fad a urraim dí nuair a roghnaíodh í, cúig bliana fichead ó shin trátha an ama seo, chun lonad An Bhlascaoid Mhóir a d'oscailt go hoifigiúil in éineacht le hAire Airgeadais na linne – Bertie Ahern.

Bhí Niamh Ní Chríomhthain ar an liosta scáinte de Bhlascaodaigh a bhí fós ar marthain, liosta nach bhfuil ach ceathrar fágtha air anois ina héis.

Ar an mBlascaod a saolaíodh tuismitheoirí Niamh. Ba iad sin Seán Thomáis Dhomhnail Ó Criomhthain agus Eibhlís ('Lís) Sheáin Mhicil Ó Súilleabháin, nó Lís Mhicil, mar a thugtaí uirthi coitianta. Údair ba ea lán na beirte acu siúd. Scríbhneoir den scoth ba ea Seán Ó Criomhthain, dála a athar, Tomás. Orthu siúd a thug ardmholadh dá leabhar dírbheathaisnéise, *Lá dar Saol*, a foilsíodh in 1969, do bhí an file iomráiteach, Seán Ó Ríordáin.

Ba í Lís Mhicil údar *Letters from the Great Blasket*, nár foilsíodh go dtí 1978, an t-aon leabhar as Béarla a tháinig ó aon údar Blascaodach. Is é rud atá ann ná litreacha i mBéarla i dtaobh a saoil san oileán agus ar an míntír a chuir sí in imeacht fiche bliain go dtí George Chambers, Sasanach a thug cuairt ar an oileán i 1931 agus arís i 1938. Tuigtear go raibh an-chion ag Eibhlís agus ag Chambers ar a chéile.

I 1933 sea do pósadh Eibhlís agus Seán agus, in earrach na bliana 1937, agus í ar tí dul ar a leaba luí seoil, b'iúd le hEibhlís amach ar an míntír, go dtí daoine muinteartha léi, chun a leanbh a shaolú.

Saolaíodh an leanbh sin, Niamh, i mí an Aibreáin, 1937 agus i gceann tamaill de laethanta do thug an mháthair a leanbh léi isteach 'on oileán. Is cinnte go raibh muintir an oileáin leáite anuas ar an ngearrchaile beag agus í ag fás suas ina measc, mar na raibh a leithéid eile san oileán ag an am sin.

Buaileadh buille tubaisteach ar phobal an Bhlascaoid nuair a dúnadh an scoil náisiúnta ansin de phreib sa bhliain 1941. Go rímhaith a thuig tuismitheoirí Niamh ansin ná raibh aon dul as acu ach aistriú amach chun na míntíre chun saol níos fearr a thabhairt dá leanbh agus chun oideachas a chur uirthi. D'ardaíodar a seolta chun na míntíre an bhliain dár gcionn, 1942, agus chuardar chun cónaithe ar an Muirígh.



Niamh ag dealbh a seanathar, Tomás Dhomhnail Ó Criomhthain, lasmuigh d'lonad an Bhlascaoid Mhóir

Saolaíodh iníon eile díobh, Cáitín, tamall tar éis aistriú amach. Nuair a tháinig an t-am chuige sin, do chuaigh Niamh ar imirce go Meiriceá agus thug sí roinnt blianta ag obair in Hartford, Connecticut agus cuid mhaith de mhuintir an Oileáin Tiar ina timpeall.

Bhí Niamh Ní Chriomhthain ar an liosta scáinte de Bhlascaodaigh a bhí fós ar marthain, liosta nach bhfuil ach ceathrar fágtha air anois ina héis.

Ar an mBlascaod a saolaíodh tuismitheoirí Niamh. Ba iad sin Seán Thomáis Dhomhnail Ó Criomhthain agus Eibhlís ('Lís) Sheáin Mhicil Ó Súilleabháin, nó Lís Mhicil, mar a thugtaí uirthi coitianta. Údair ba ea lán na beirte acu siúd. Scríbhneoir den scoth ba ea Seán Ó Criomhthain, dála a athar, Tomás. Orthu siúd a thug ardmholadh dá leabhar dírbheathaisnéise, *Lá dar Saol*, a foilsíodh in 1969, do bhí an file iomráiteach, Seán Ó Ríordáin.

Ba í Lís Mhicil údar *Letters from the Great Blasket*, nár foilsíodh go dtí 1978, an t-aon leabhar as Béarla a tháinig ó aon údar Blascaodach. Is é rud atá ann ná litreacha i mBéarla i dtaobh a saoil san oileán agus ar an míntír a chuir sí in imeacht fiche bliain go dtí George Chambers, Sasanach a thug cuairt ar an oileán i 1931 agus arís i 1938. Tuigtear go raibh an-chion ag Eibhlís agus ag Chambers ar a chéile.

I 1933 sea do pósadh Eibhlís agus Seán agus, in earrach na bliana 1937, agus í ar tí dul ar a leaba luí seoil, b'íúid le hEibhlís amach ar an míntír, go dtí daoine muinteartha léi, chun a leanbh a shaolú.

Saolaíodh an leanbh sin, Niamh, i mí an Aibreáin, 1937 agus i gceann tamaill de laethanta do thug an mháthair a leanbh léi isteach 'on oileán. Is cinnte go raibh muintir an oileáin leáite anuas ar an ngearrchaile beag agus í ag fás suas ina measc, mar na raibh a leithéid eile san oileán ag an am sin.

Buaileadh buille tubaisteach ar phobal an Bhlascaoid nuair a dúnadh an scoil náisiúnta ansin de phreib sa bhliain 1941. Go rímhaith a thuig tuismitheoirí Niamh ansin ná raibh aon dul as acu ach aistriú amach chun na míntíre chun saol níos fearr a thabhairt dá leanbh agus chun oideachas a chur uirthi. D'ardaíodar a seolta chun na míntíre an bhliain dár gcionn, 1942, agus chuarad chun cónaithe ar an Muirígh.

Saolaíodh iníon eile díobh, Cáitín, tamall tar éis aistriú amach. Nuair a tháinig an t-am chuige sin, do chuaigh Niamh ar imirce go Meiriceá agus thug sí roinnt blianta ag obair in Hartford, Connecticut agus cuid mhaith de mhuintir an Oileáin Tiar ina timpeall.



Niamh (ar chlé ar fad) le grúpa d'IarBhlascaodaigh a bhí fós ar marthain in 2010. Tá siad ar fad ar shlí na fírinne anois